CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2023/96 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Eanáir 2023

lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Aibreán 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) ([1]).

(2) An 7 Eanáir 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/14 ([2]), lenar cuireadh síneadh le EUCAP Sahel Mali go dtí an 31 Eanáir 2023 agus lenar leasaíodh a shainordú.

(3) I gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh Chuimsithigh ar EUTM Mali agus EUCAP Sahel Mali, an 1 Meitheamh 2022, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcuirfí síneadh le EUCAP Sahel Mali go dtí an 31 Eanáir 2025 agus, an 30 Meitheamh 2022, go ndéanfaí a shainordú a chur in oiriúint don staid pholaitiúil agus slándála i Mailí.

(4) Ba cheart Cinneadh 2014/219/CBES a leasú dá réir.

(5) Cuirfear EUCAP Sahel Mali i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul i ndonas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) ath-imscaradh ISF i lár Mhailí a éascú, má chinneann an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcomhlíontar na coinníollacha, agus imscaradh ISF i nDeisceart Mhailí a éascú, ag díriú ar na Póilíní Náisiúnta; agus";

(b) cuirtear mír nua isteach:

"2a. Tacóidh EUCAP Sahel Mali le hiarrachtaí cumarsáide straitéisí chun luachanna an Aontais a chothú, gníomhaíocht an Aontais a chur chun cinn agus sáruithe agus mí-úsáidí chearta an duine agus an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta arna ndéanamh ag fórsaí eachtracha i Mailí a nochtadh.";

([1]) Cinneadh 2014/219 CBES ón gComhairle an 15 Aibreán 2014 maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (IO L 113, 16.4.2014, lch. 21).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/14 ón gComhairle an 7 Eanáir 2021 lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (IO L 5, 8.1.2021, lch. 16).

(2) in Airteagal 14(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Is é EUR 73 196 375,74 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EUCAP Sahel Mali a chumhdach idir an 1 Feabhra 2023 agus an 31 Eanáir 2025.";

(3) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1a:

"1a. Údarófar don Ardionadaí faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais, lena n-áirítear doiciméid, arna giniúint chun críocha EUCAP Sahel Mali, a scaoileadh chuig Gníomhaireachtaí an Aontais um Cheartas agus Gnóthaí Baile, go háirithe chuig FRONTEX agus EUROPOL, go dtí an leibhéal ábhartha aicmiúcháin i ndáil le gach ceann acu sin faoi seach, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE. Tarraingeofar suas socruithe teicniúla chun na críche sin.";

(4) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Beidh feidhm aige go dtí an 31 Eanáir 2025.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL